# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTMÉIREACHTA, 2021

## LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

## (200 marc)

DÉ LUAIN, 28 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.
- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Grúpa I | : | Topaicí 1 go 4. |
| Grúpa II | : | Topaicí 5 go 7. |
| Grúpa III | : | Topaicí 8 go 10. |

- Nó mór do na hiarrthóirí **CEITHRE CHEIST** a fhreagairt. Ní mór do na hiarrthóirí ceist **amháin** a fhreagairt as Topaic amháin **i ngach ceann** de na trí Ghrúpa. Is féidir ansin leis na hiarrthóirí an cheist atá fágtha a roghnú as Topaic ar bith in aon Ghrúpa.
- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 200 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.
- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X,** a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## GRÚPA I: Topaicí 1 go 4

## Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i) In 429 R.Ch. rinne na Spartaigh léigear ar Plataea.
- (a) Cuir síos ar conas a choinnigh muintir Plataea na Spartaigh amach chomh fada sin. (35)
- (b) Cén chaoi ar chaith na Spartaigh le muintir Plataea nuair a ghéill siad dóibh? (15)

(ii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:
Peiricléas (an polaiteoir Aithneach); Nicias (an ginearál Aithneach); Déamastainéas (an ginearál Aithneach). (25, 25)

(iii) In 416 R.Ch. thug na hAithnigh ordú do na Méileasaigh géilleadh.
- (a) Cad iad na hargóintí a d'úsáid na hAithnigh le háitiú ar na Méileasaigh géilleadh? (20)
- (b) Cad iad na hargóintí a d'úsáid na Méileasaigh mar fhreagra ar na hargóintí sin? (20)
- (c) Céard a tharla do shaoránaigh Mhéileas ar deireadh thiar? (10)

(iv)
- (a) Cén fáth ar imigh an ginearál Aithneach, Alcaibiadéas, anonn go taobh na Spartach in 415 R.Ch.? (25)
- (b) Cén chomhairle a chuir Alcaibiadéas ar na Spartaigh chun an cogadh a bhuachan in aghaidh na hAithne? (15)
- (c) Cad é do thuairim faoi iompar Alcaibiadéis ag an am sin? (10)

---

## Topaic 2. Alastar Mór

(i) In 334 R.Ch. throid Alastar ina chéad chath ar chríoch na bPeirseach ag abhainn an Granicus.
- (a) Cén chomhairle de chuid Phairméinión a ndearna Alastar neamhshuim di roimh an gcath agus cén fáth a ndearna sé neamhshuim di? (10)
- (b) Cad a rinne an cath sin an-deacair do thrúpaí Alastair? (10)
- (c) Cuir síos ar an eachtra i lár an chatha nuair a shábháil Cléiteas beatha Alastair. (15)
- (d) Cad a tharla do Chléiteas ar deireadh thiar? (15)

(ii)
- (a) Cuir síos ar ar tharla ag léigear Dhún na Mallach nuair ba bheag nár cailleadh Alastar. (40)
- (b) Cad a insíonn an eipeasóid seo duit mar gheall ar charachtar Alastair? (10)

(iii)
- (a) Cén fáth ar shocraigh Alastar filleadh go Bablóin trí Fhásach na Geadróisia? (10)
- (b) Cuir síos ar na deacrachtaí a bhí ag Alastar agus ag a arm nuair a bhí an fásach á thrasnú acu. (25)
- (c) Cad iad na cáilíochtaí ceannaireachta a léirigh Alastar le linn an turais? (15)

(iv) Scríobh nótaí ar **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:
Pilib (athair Alastair); Bucephalus (capall Alastair); Porus (Rí na hIndia). (25, 25)

---

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i) "Thuig Romalas nár chóir go mbeadh cathracha a bunaíodh i gcomhair seasmhachta agus mórgachta suite le hais na farraige." (*Buntáistí Aiceanta na Róimhe,* Cicearó)

(a) Cérbh é Romalas? (10)

(b) Cad iad na cúiseanna a thugann Cicearó chun údar a thabhairt leis an ráiteas seo? (20)

(c) Cad iad na buntáistí nádúrtha eile atá ag an Róimh, dar le Cicearó? (20)

(ii) (a) Sa sliocht *Cató agus Caesa*r, cad iad na comparáidí a dhéanann Sallaistias idir carachtar Cható agus carachtar Chaesair? (35)

(b) Déan cur síos ar an gcaoi a bhfuair Cató bás. (15)

(iii) Feallmharaíodh Iúil Caesar ar Íodh Márta in 44 R.Ch.

(a) Déan cur síos ar ar tharla an lá deireanach a bhí Caesar beo. (35)

(b) Mínigh cén fáth ar feallmharaíodh é. (15)

(iv) Ar bhain tú taitneamh as dánta Catullus ar do chúrsa a léamh? Mínigh do fhreagra agus déan tagairt agat do na dánta. (50)

---

## Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i) (a) Tugann Séatóinias le tuiscint in *Beatha Ágastais* gur "chluanaire ban" é Ágastas. Cén fhianaise a chuireann Séatóínias ar fáil le tacú leis an tuairim seo? (35)

(b) Cén tuairim atá agat den chaoi ar chaith Ágastas lena iníon, Iúilia? (15)

(ii) Bhris ceannaircí amach sa Ghearmáin agus sa Phanóin ag tús réiméas Thibir mar Impire.

(a) Cad iad na dálaí a d'fhulaing na saighdiúirí a thug orthu dul chun ceannairce? (25)

(b) Cén chaoi ar chuir Drusus agus Gearmánacas deireadh leis na ceannaircí? (25)

(iii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:
Cléópatra (Banríon na hÉigipte); Livia (bean chéile Ágastas); Marcas Antaine (polaiteoir agus ginéaral). (25, 25)

(iv) (a) Cén chaoi ar chothaigh Tibir turnamh agus bás Shéánas? (25)

(b) Nuair a fuair Tibir bás, de réir Shéatóinias, bhí lúcháir ar na Rómhánaigh, agus bhéic siad amach "Don Tibir le Tibir!". Cén fáth a raibh lúcháir ar na Rómhánaigh nuair a fuair Tibir bás? (25)

---

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

## Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i) Sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas, léiríonn Méidé ardscil chun tabhairt ar dhaoine déanamh de réir mar a theastaigh uaithi féin.
- (a) Mínigh conas a éiríonn le Méidé Iasón, Créon agus Aegeus a ionramháil agus í ar thóir díoltais. (35)
- (b) An dóigh leat gur carachtar spéisiúil í Méidé? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(ii)
- (a) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas, cén fáth nach bhfuil muinín ag Iocasta as oracail ná tairngreachtaí? (25)
- (b) Déan cur síos ar bhás Iocasta agus ar an gcaoi ar fhreagair Éideapús dó. (25)

(iii)
- (a) Cén ról a ghlac pearsantacht Iasóin ina thurnamh féin, dar leat? (35)
- (b) Ar bhraith tú aon trua d'Iasón ag deireadh an dráma? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv)
- (a) Déan cur síos ar an gcaoi a ndearnadh Rí na Téibhe d'Éideapús. (25)
- (b) An dóigh leat gur rí maith ar an Téibh é Éideapús? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas. (25)

---

## Topaic 6. An Eipic Ársa.

(i)
- (a) San *Odaisé* le Hóiméar, déan cur síos ar ar tharla nuair a thug Aeólas mála na ngaoth d'Odaiséas agus dá chuid fear. (30)
- (b) Cé air a bhí an locht san eipeasóid seo, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(ii)
- (a) San *Aeinéid* le Veirgil, mínigh conas a thug Véineas ar Dhíodó titim i ngrá le hAeinéas. (20)
- (b) Cén fáth ar fhéach Véineas chuige go dtarlódh sé seo? (15)
- (c) Cén fáth ar thréig Aeinéas Díodó agus ar sheol sé leis go dtí An Iodáil? (15)

(iii)
- (a) Déan cur síos ar ar tharla ag Cath an Halla nuair a fuair Odaiséas an lámh in uachtar ar na Suirígh. (35)
- (b) An dóigh leat go raibh a gcinniúint tuillte ag na Suirígh? Mínigh do fhreagra. (15)

(iv) I Leabhar 1 den *Aeinéid* le Veirgil, deir Aeinéas le linn na stoirme, "Nach méanar daoibhse a fuair bás faoi bhun Bhallaí na Traí!"
- (a) Cá háit a raibh Aeinéas nuair a bhéic sé amach na focail sin? (10)
- (b) Cén fáth ar thrua leis nach bhfuair sé bás i dturnamh na Traí? (10)
- (c) Cén bandia a bhí mar namhaid aige agus cén fáth? (15)
- (d) Conas a léiríonn Aeinéas a cháilíochtaí mar cheannaire i ndiaidh na stoirme? (15)

---

## Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Agastaí.

(i) (a) Sa dán *Imithe go Clitumnus* le Proipeirtias, cén fáth a scríobhann sé: "Ach fós féin, a Cynthia, táim sásta go gcuirfear faoin tuath thú."? (15)

(b) Ón léamh atá déanta agat ar na dánta dualgais ar do chúrsa, an dóigh leat go bhfuil Proipeirtias níos sásta sa chathair ná mar atá sé faoin tuath? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(c) Ón léamh atá déanta agat ar dhánta Phroipeirtias, an pearsa thaitneamhach é, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(ii) (a) Sna dánta le Horáit ar do chúrsa, cén chomhairle a thugann sé ar an gcaoi leis an saol a chaitheamh? (20)

(b) Cén chomhairle a thugann Horáit ar an gcaoi ar chóir dúinn smaoineamh ar an mbás? (20)

(c) An aontaíonn tú le comhairle Horáit? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

(iii) (a) Cén chaoi a bhfuair Romalas mná céile dá chuid fear in *Mná Saibíneacha* le Livias? (35)

(b) Céard a insítear dúinn i sliocht Livias faoi mheon an phobail sa Luath-Róimh i leith na mban céile agus i leith na mban go ginearálta? (15)

(iv) (a) In *Oirféas agus Eoraidící* le Veirgil, déan cur síos ar an gcaoi a gcailleann Oirféas a bhean chéile faoi dhó. (30)

(b) Céard a deirtear sa dán seo faoi chumhacht an cheoil? (10)

(c) An gcuireann an dán seo tocht ort? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

### Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i) (a) Ainmnigh an teampall a léirítear i bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X** agus luaigh cá háit a bhfuil sé suite. (10)
(b) Cén t-ord ailtireachta lena mbaineann an teampall seo? (10)
(c) Tabhair breac-chuntas faoin dealbhóireacht ar an teampall seo. (20)
(d) Tabhair cúis amháin a meastar an teampall seo a bheith ina shárshampla foirfe de theampall Gréagach. (10)

(ii) Léiríonn **Fótagraf B** ar **Pháipéar X** dealbhóireacht rilífe ó Theampall Artaimise in Korkyra.
(a) Ainmnigh an phríomhfhíor a léirítear sa dealbhóireacht seo. (10)
(b) Cá háit ar an teampall a raibh an dealbhóireacht seo suite i dtosach? (Is ceadmhach léaráid lipéadaithe a úsáid mar do fhreagra.) (10)
(c) Ainmnigh tréimhse na dealbhóireachta Gréagaí lena mbaineann an dealbh seo. (10)
(d) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbhóireacht seo ina heiseamláir thipiciúil den tréimhse seo? (20)

(iii) Déan staidéar ar **Fhótagraf C** ar **Pháipéar X.**
(a) Cé atá á léiriú san fhíor seo? (10)
(b) Ainmnigh tréimhse na dealbhóireachta Gréagaí lena mbaineann an dealbh seo. (10)
(c) Cad as a bhfuil an dealbh déanta? (10)
(d) Cén fáth, dar leat, a ndeir Richter go bhfuil an dealbh seo, “ar cheann de na dealbha Gréagacha is breátha”? (20)

(iv) Déan staidéar ar **Fhótagraf D** ar **Pháipéar X.**
(a) Ainmnigh an dealbh atá á léiriú san fhótagraf. (10)
(b) Cad dó ar sheas an cineál seo deilbhe? (10)
(c) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)
(d) An bhfuil an-mheas tuillte ag an dealbh seo, dar leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

## Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i) (a) Tabhair cuntas ar Fháthscéal Shócraitéas ar an Ainmhí Mór Cumhachtach. (35)

(b) Cad a insíonn an fáthscéal dúinn faoi mheon Shócraitéas i leith an daonlathais? (15)

(ii) (a) Cad iad na rialacha a leagann Sócraitéas síos dá Rialtóirí maidir le bia, tithíocht agus réadmhaoin phríobháideach? (30)
(b) Cén fáth a bhfuil Sócraitéas meáite ar na rialacha seo a chur i bhfeidhm? (10)
(c) An dóigh leat gur rialacha praiticiúla iad? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

(iii) (a) Beidh cáilíochtaí na heagna, an mhisnigh agus an fhéinsmachta, ar ndóigh, ina stát idéalach, dar le Sócraitéas. Cá bhfuil na cáilíochtaí seo le fáil sa stát idéalach? (35)
(b) Cén sainmhInIú a thugann Sócraitéas ar "ceartas"? (15)

(iv) (a) Déan cur síos ar thuairimí Cephalus ar an seanaois sa réamhrá le *An Phoblacht* le Platón. (20)
(b) Cén difear a dhéanann saibhreas don seanaois, dar le Cephalus? (15)
(c) An dtagann tú le tuairimí Cephalus faoin seanaois? Tabhair cúis le do thuairim. (15)

---

## Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** dealbh bhrád phortráide den Impire Commodus agus léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** dealbh bhrád phortráide de sheanbhean.

(a) Cén chaoi a dtaispeánann an dealbhóir go bhfuil an tImpire Commodus á léiriú aige mar an laoch cáiliúil Earcail? (10)

(b) Cad a insíonn an dealbh seo dúinn faoi charachtar an Impire? (15)

(c) Déan cur síos ar an mbean atá á léiriú i bh**Fótagraf F**. Cén chaoi a bhfuil an dealbh seo ina heiseamláir thipiciúil de phortráidí Rómhánacha? (15)

(d) Cé acu ceann de na píosaí dealbhóireachta seo is fearr leat? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

(ii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** an amharclann Rómhánach ag Orange i ndeisceart na Fraince.

(a) Déan cur síos ar dhearadh ginearálta na hamharclainne, laistigh agus lasmuigh. (20)

(b) Cad iad na bealaí ina n-oirfeadh an amharclann seo go maith dá cuspóir? (10)

(c) Cén chaoi ar cosnaíodh an lucht féachana ón ngrian agus ón mbáisteach san amharclann seo? (10)

(d) Cad iad na bealaí ina mbíodh na hamharclanna Rómhánacha difriúil le hamharclanna an lae inniu? (10)

(iii) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** saothar múrealaíne ó Phoimpé.

(a) Mínigh cad atá ag tarlú sa saothar múrealaíne seo. (25)

(b) Conas a chuir an t-ealaíontóir mothú fíordhrámatúil in iúl sa saothar múrealaíne seo? (10)

(c) Ainmnigh péintéireacht amháin eile ar do chúrsa ar chuir tú dúil inti agus mínigh cén fáth ar thaitin sí leat? (15)

(iv) Léiríonn **Fótagraf I** ar **Pháipéar X** an t-uiscerian Rómhánach ag Segovia sa Spáinn. Léiríonn **Fótagraf J** ar **Pháipéar X** an t-uiscerian Rómhánach ar a dtugtar an Pont du Gard.

(a) Mínigh conas a d’úsáidtí uiscerianta chun uisce a thabhairt go bailte Rómhánacha. (10)

(b) Cén fáth a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint leis an áirse sna struchtúir seo? (15)

(c) Déan comparáid idir an dá uiscerian a léirítear sna fótagraif. (25)

---